



Tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú Chlár Trédhearcachta 2025

Arna tíolacadh ag Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta

do

**Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don
Choimisiún Eorpach**

Tá tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta le cur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Clár trédhearcachta sainordaitheach.

Sa tuarascáil seo, leagtar amach faisnéis fhíorasach ar an gClár Trédhearcachta, ar a bhfuil ann agus ar aon athruithe ina leith in 2025. Tugtar tuairisc inti freisin ar na bearta coinníollachta agus ar na bearta trédhearcachta comhlántacha, atá i bhfeidhm sna h-institiúidí is sínitheoirí san aon bhliain.

Inneachar

I.	Achoimre feidhmiúcháin.....	3
II.	Réamhrá	3
III.	Rialachas.....	4
IV.	Bearta coinníollachta agus bearta comhlántacha trédhearcachta	5
V.	Gníomhaíochtaí na Rúnaíochta.....	10
1.	Faireachán ar cháilíocht sonraí	10
2.	Seirbhís Deisce Cabhrach	15
3.	Imscrúduithe	15
4.	Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2025.....	16
5.	Treoir agus múscailt feasachta	17
6.	Forbairtí teicniúla.....	17
VI.	Staitisticí	18
1.	Forbairt an Chláir Trédhearcachta.....	18
2.	Na leasanna a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh orthu	19
3.	Sonraí geografacha.....	21
4.	An méid uaireanta a rinneadh sonraí an Chláir Trédhearcachta a scrúdú.....	21
VII.	Conclúidí.....	22

I. Achoimre feidhmiúcháin

Lean úsáid an Chláir Trédhearcachta mar phríomhuirlis faisnéise agus tagartha le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa ar leibhéal an Aontais de bheith ag fás in 2025. Léirítear an treocht sin le méadú suntasach ar iarratais nua ar chlárú i gcomparáid le blianta roimhe sin. Is féidir an borradh a chur go díreach i leith bearta coinníollachta nua a bheith á dtabhairt isteach ag na hinstiúidí is sínitheoirí.

Mar uirlis tagartha phoiblí, táthar ag súil go soláthróidh an Clár feidhmiúlacht láidir agus sonraí iontaofa ardcháilíochta araon. In 2025, thug an Rúnaíocht aghaidh ar na hionchais sin trí na treoirlínte d'iarratasóirí agus do chlárúithe a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith leis na Ceisteanna Coitianta agus an fhoirm chlárúcháin, go háirithe trí roinnt ceanglas a bhaineann le nochtaí airgeadais a shoiléiriú. Chuir an Rúnaíocht feabhas freisin ar an suíomh gréasáin agus ar an ardán digiteach — a seoladh ar dtús in 2024 — trí ghnéithe agus feidhmiúlachtaí nua a thabhairt isteach, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar eispéireas foriomlán an úsáideora.

Neartaigh an Rúnaíocht a maoirseacht a thuilleadh trí leanúint d'fhaireachán córasach a dhéanamh ar cháilíocht sonraí, lena gcumhdaítear beagnach 60 % de na clárúcháin uile in 2025. An tráth céanna, léirítear le taithí riaracháin go bhfuil úsáideoirí ag éirí níos eolaí ar an sásra um ghearáin, rud a chuireann le laghdú ar ghearáin ar follasach go bhfuil siad neamh-inghlachta nó gan bhunús.

Scrúdaítear na forbairtí sin ar bhealach níos mionsonraithe sa tuarascáil.

II. Réamhrá

Is é an Clár Trédhearcachta uirlis tagartha príomha an Aontais Eorpaigh don ionadaíocht leasa ar leibhéal an Aontais. Soláthraíonn sé faisnéis atá cothrom le dáta don phobal faoi ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a bhfuil sé d'aidhm acu tionchar a imirt ar phróisis reatha reachtóireachta agus cur chun feidhme beartais instiúidí an Aontais. Go háirithe, cuireann sé ar a gcumas d'úsáideoirí a shainaithint cé atá rannpháirteach in ionadaíocht leasa, a bhfuil ionadaíocht leasa á déanamh thar a cheann, cé na tionscnaimh reachtacha ar a ndírítear agus cé na hacmhainní daonna agus airgeadais atá dírithe ar na gníomhaíochtaí sin.

Dá réir sin, tá ról lárnach ag an gClár maidir le hionadaíocht leasa thrédhearcach agus eiticiúil a chur chun cinn agus oscailteacht agus infheictheacht rannpháirtíochta na bpáirte leasmhara agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bpróiseas cinnteoireachta daonlathach an Aontais á bhfeabhsú ag an am céanna. Trí chlárú, geallann ionadaithe leasa cloí le cód iompair ina leagtar amach na prionsabail eiticiúla agus na caighdeáin iompraíochta lena rialaítear a n-idirghníomhaíochtaí le hinstiúidí an Aontais.

Tá an Clár Trédhearcachta á oibriú go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach, ar bhonn an Chomhaontaithe Idirinstiúidigh (ACI) a glacadh in 2021¹.

¹ Comhaontú Idirinstiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (OJ L 207, 11.6.2021, lch. 1).

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, soláthraítear sa tuarascáil seo faisnéis fhíorasach maidir leis an gClár, a ábhar agus a fhorbairtí le linn na tréimhse tuairiscithe. Tugtar forléargas inti freisin ar na bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta comhlántacha atá i bhfeidhm faoi láthair sna hinstitiúidí is sínitheoirí.

III. Rialachas

Feidhmíonn an Clár Trédhearcachta faoi struchtúr rialachais dhá shraith, ina bhfuil Bord Bainistíochta, a sholáthraíonn maoirseacht straitéiseach agus Rúnaíocht atá freagrach as riarachán laethúil.

Déanann an Bord Bainistíochta formhaoirseacht ar chur chun feidhme foriomlán an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh. Sainíonn sí riachtanais bhliantúla agus tosaíochtaí bliantúla an Chláir, glacann sí an [tuarascáil bhliantúil](#) maidir lena fheidhmiú agus eisíonn sí treoracha ginearálta don Rúnaíocht. Scrúdaíonn sí freisin iarrataí ar athbhreithniú ar bhearta arna ndéanamh ag an Rúnaíocht tar éis imscrúduithe agus déanann sí cinneadh ina leith.

Tá an Bord comhdhéanta d'Ardrúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. Tagann sé le chéile uair sa bhliain ar a laghad, agus rothlaíonn an cathaoirleach gach bliain i measc a chomhaltaí. In 2025, bhí Ardrúnaí Pharlaimint na hEorpa ina chathaoirleach. Ag an gcrúinniú a bhí aige an 21 Bealtaine 2025, cheap an Bord Comhordaitheoir na Rúnaíochta, ghlac sé an tuarascáil bhliantúil don bhliain roimhe sin chomh maith le buiséad agus tosaíochtaí an Chláir don bhliain amach romhainn.

Tacaíonn an Rúnaíocht le hionadaithe leasa tríd an [bpróiseas clárúcháin](#), lena n-áirítear trí threoir a chur ar fáil agus measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht na n-iarratas. Tá sé freagrach freisin as faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise arna cur isteach ag cláraithe trí sheiceálacha spriocdhírthe.

Ina theannta sin, láimhseálann an Rúnaíocht [gearáin maidir le sáruithe líomhnaithe](#) ar an [gcód iompair](#) ag cláraithe. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé tús a chur le himscrúduithe ar incháilitheacht leanúnach na gcláraithe agus ar chomhlíonadh an chóid agus bearta a chur i bhfeidhm i gcásanna neamhchomhlíonta. Déanann an Rúnaíocht gníomhaíochtaí múscailte feasachta freisin (féach roinn V) agus tuairiscíonn sí ar a cuid oibre sa tuarascáil bhliantúil.

Tá an Rúnaíocht comhdhéanta de bhaill foirne ó na trí institiúid is sínitheoirí. In 2025, b'ionann sin agus 13 bhall foirne choibhéiseacha lánaimseartha. In 2025, is é a bhí i gComhordaitheoir ainmnithe na Rúnaíochta ceann an aonaid atá freagrach as trédhearcacht in Ardrúnaíocht na Comhairle.

I bhfianaise an athbhreithnithe sceidealaithe ar an gComhaontú Idirinstitiúideach, atá le déanamh faoin 2 Iúil 2025 i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de, ag an gcrúinniú a bhí aige in 2025, d'fhormhuinigh an Bord Bainistíochta tuarascáil mhapála a d'ullmhaigh an Rúnaíocht ina leagtar amach staid chur chun feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh go dtí seo. Thug an Bord Bainistíochta dá aire, gan dochar don mheasúnú a rinne na hinstitiúidí is sínitheoirí ar an athbhreithniú, gur léiríodh sa tuarascáil mhapála gur bhunaigh an Comhaontú Idirinstitiúideach Clár oibre maith atá fós oiriúnach do na cuspóirí atá á lorg ag na hinstitiúidí agus gur féidir tuilleadh feabhsuithe agus treisithe a dhéanamh ar an gClár i

gcomhthéacs an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh atá ann faoi láthair.

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le rialachas an Chláir Trédhearcachta le fáil sa [roinn thiomnaithe Rialachais ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta](#).

IV. Bearta coinníollachta agus bearta comhlántacha trédhearcachta

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún araon, trí bhíthin cinntí aonair, bearta coinníollachta trína mbeidh clárú sa Chlár Trédhearcachta ina réamhchoinníoll chun go mbeidh ionadaithe leasa in ann príomhghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa áirithe a dhéanamh. Féadfaidh na trí institiúid bearta trédhearcachta comhlántacha a ghlacadh freisin chun clárú a spreagadh tuilleadh agus chun an creat comhpháirteach arna bhunú leis an gComhaontú Idirinstitiúideach a neartú.

Féadfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, mar aon leis na Ballstáit i ndáil lena mbuanionadaíochtaí chuig an Aontas, fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi bhearta coinníollachta nó bearta trédhearcachta comhlántacha arna nglacadh acu agus a iarraidh go bhfoilseofaí iad sin ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta. Tá bearta trédhearcachta i bhfeidhm cheana féin i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus i gCoiste Eorpach na Réigiún. In 2025, ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí bearta coinníollachta agus bearta trédhearcachtatrédhearcachta ar tugadh fógra don Bhord Bainistíochta fúthu. Fuair an Rúnaíocht ceisteanna ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhí ag fiosrú na féidearthachta sin.

Tá gealltanais tugtha ag na Ballstáit uile beart coinníollachta a chur i bhfeidhm le linn a nUachtaránachta ar an gComhairle agus sna sé mhí roimhe sin, trí chruinnithe a dhéanamh idir a mBuanionadaí agus a Leas-Bhuanionadaí chuig an Aontas agus ionadaithe leasa ar choinníoll go gcláróidh siad sa Chlár Trédhearcachta.

Tá feidhm ag beart coinníollachta maidir leis na cruinnithe a eagraítear leis an mBuanionadaí agus leis an Leas-Bhuanionadaí agus iad ag gníomhú ina gcáil mar Uachtaránacht ghníomhach nó mar [Uachtaránacht inteachta ar an gComhairle](#). Dá bhrí sin, ní féidir le hionadaithe leasa páirt a ghlacadh i gcruinnithe den sórt sin mura mbíonn siad cláraithe. In 2025, bhí feidhm aige sin maidir leis [an bPolainn](#) agus maidir leis [an Danmhairg](#) toisc go raibh siad i mbun Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus maidir leis [an gCipir](#) mar an Uachtaránacht inteachta.

Tá liosta de na [bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta eile](#) atá i bhfeidhm faoi láthair in institiúidí an Aontais leagtha amach thíos agus ar fáil freisin ar leathanach tiomnaithe shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

Parlaimint na hEorpa

In 2025, áiríodh an méid seo a leanas ar bhearta Pharlaimint na hEorpa lena gceanglaítear ionadaithe leasa a chlárú nuair a thugtar ardán dóibh ar áitreabh na Parlaiminte: rialacha maidir le himeachtaí, idirghrúpaí agus grúpálacha neamhoifigiúla na bhFeisirí, iar-Fheisirí, cruinnithe idir ionadaithe leasa agus bainisteoirí, agus rochtain fhadtéarmach ar an áitreabh.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach nó comheagrú imeachtaí a reáchtáiltear ar áitreabh na Parlaiminte ag brath ar chlárú roimh ré ar an gClár Trédhearcachta², rud a chiallaíonn nach mór aon ionadaí leasa atá rannpháirteach mar chainteoir nó mar chomheagraí ó thaobh lóistíochta, praiticiúla nó airgeadais de a chlárú. Tá feidhm ag na rialacha sin sa bhreis ar an mbeart coinníollachta atá bunaithe cheana lena gceanglaítear³ go ndéanfaí cainteoirí ag éisteachtaí na gcoistí sa Pharlaimint a chlárú roimh an éisteacht.

Ní fhéadfaidh ach ionadaithe leasa cláraithe páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí idirghrúpaí agus grúpálacha neamhoifigiúla FPEnna⁴ ar áitribh na Parlaiminte, trí pháirt a ghlacadh, tacaíocht a thairiscint, nó a n-imeachtaí agus a gcláraithe a chomhóstáil, agus is féidir leo a bheith trédhearcach maidir leis na grúpálacha a dtacaíonn siad leo mar chuid den fhaisnéis a sholáthraíonn siad ar an gClár.

Lean an Pharlaimint dá beart coinníollachta a chur i bhfeidhm lena gceanglaítear ar iar-Fheisirí tréimhse mharana 6 mhí a urramú sula gcláraíonn siad agus sula dtéann siad i mbun gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa le FPEnna reatha⁵. Tá an cód iompair do FPEnna maidir le macántacht agus trédhearcacht ar aon dul leis an riail úd⁶.

Maidir le rochtain ar chinnteoirí chun críoch brústocaireachta, ní fhéadfaidh ach ionadaithe leasa cláraithe iarratas a dhéanamh ar rochtain fhadtéarmach ar áitreabh na Parlaiminte⁷. An 31 Nollaig 2025, as na 16 474 eintiteas a bhí cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, bhí ionadaí creidiúnaithe amháin ar a laghad ag 3 642 ag a raibh suaitheantas chun rochtain a fháil ar áitribh na Parlaiminte, agus bhí 8 340 suaitheantas gníomhach ann san iomlán. Tar éis ardán nua na Parlaiminte maidir le hiarratais ar líne a chur i bhfeidhm in 2024, cuireadh feabhas ar an gcóras in 2025 chun iarratais ar shuaitheantais a phróiseáil suas le líon na ndaoine ar dhearbhaigh ionadaithe leasa ar an gClár Trédhearcachta go raibh siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí tionchair, agus suas leis an líon sin amháin. Mar a rinneadh roimhe seo, déantar ainmneacha na ndaoine a bhfuil creidiúnú acu chun dul isteach in áitreabh na Parlaiminte chun críoch ionadaíochta leasa thar ceann eintiteas cláraithe a fhoilsiú ar leathanach próifíle cláir an ionadaí leasa sin.

Ceanglaítear ar na FPEnna uile faisnéis ar a gcrúinnithe sceidealaithe le hionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe idirinstiúidigh a fhoilsiú ar líne⁸. Eadhon aon chruinniú a bhaineann leis an ngnó parlaiminteach (tuarascáil, tuairim, rún, díospóireacht iomlánach nó díospóireacht phráinneach) a reáchtáiltear chun tionchar a imirt ar phróiseas ceaptha beartais nó próiseas cinnteoireachta na n-institiúidí Eorpacha, bíodh sé sin i bpearsa nó go cianda.

Bíonn feidhm ag an oibleagáid gan beann ar cibé acu a fhreastalaíonn na FPEnna féin ar an gcruinniú nó a fhreastalaíonn cúntóirí parlaiminteacha na bhFeisirí air thar a gceann. Tá na cruinnithe foilsithe nasctha le próifílí na gcláraithe faoi seach ar an gClár Trédhearcachta. Amhail ón 31 Nollaig 2025, bhí 32 122 chruinniú le haghaidh 2025 fógartha ag na Feisirí.

² Cinneadh ó Bhiúró Parlaimint na hEorpa an 12 Meitheamh 2023.

³ Airteagal 8 de Chinneadh ó Bhiúró Parlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2024.

⁴ Rialacha Nós Imeachta Parlaimint na hEorpa: Riail 35(5) agus 36(5).

⁵ Cinneadh ó Bhiúró Parlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2023.

⁶ Airteagal 9 den Chód Iompair d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa.

⁷ Riail 126 de Rialacha Nós Imeachta Parlaimint na hEorpa.

⁸ Airteagal 7 den Chód Iompair d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa

Agus a ról agus a sainordú sonrach á gcur san áireamh, moltar nach mbuailfeadh na FPEnna ach leis na hionadaithe sin atá cláraithe ar an gClár Trédhearcachta. Sa bhreis air sin, ceanglaítear ar Rapóirtéirí dearbhú ar ionchur a chur ag gabháil lena ndrúacht-tuarascálacha nó a ndrúacht-tuairimí, ina liostaítear na heagraíochtaí nó na daoine óna bhfuair siad ionchur i dtaobh ábhair a bhaineann le hábhar an tionscnaimh⁹.

In 2025, leathnaigh an Pharlaimint a ceanglais choinníollachta agus trédhearcachta a thuilleadh tar éis rialacha a ghlacadh¹⁰, lena gceanglaítear ar bhainisteoirí na Parlaiminte bualadh le hionadaithe leasa cláraithe amháin, agus cruinnithe den sórt sin chomh maith le cruinnithe le hionadaithe ó údarais phoiblí tríú tíortha a dhearbhu. Tar éis theacht i bhfeidhm na rialacha an 1 Meán Fómhair 2025, dearbhaíodh 107 gcruinniú san iomlán ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte le linn na tréimhse tuairiscithe.

Chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun clárú a spreagadh, seolann an Pharlaimint foláirimh uathoibríocha chuig cláraithe a bhfuil leas sonraithe acu i réimsí beartais ar leith, agus tugann sí fógra dóibh faoin obair atá déanta ag na coistí parlaiminteacha ábhartha.

Comhairle an Aontais Eorpaigh

Mar a leagtar amach i [gCinneadh \(AE\) 2021/929 ón gComhairle](#), ní mór ionadaithe leasa a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta chun go bhféadfaidís bualadh le hArd-Rúnaí na Comhairle nó leis na hArd-Stiúrthóirí.

Tá feidhm ag an riail chéanna maidir le rannpháirtíocht na n-ionadaithe leasa, ina gcáil ghairmiúil, i seisiúin faisnéise théamacha arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle (i gcás inarb iomchuí agus tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtaránacht) nó mar chainteoirí ag ócáidí arna n-eagrú ag an Ardrúnaíocht. Ón 1 Eanáir 2025 i leith, tá na gníomhaíochtaí sin atá faoi réir coinníollachta cláraithe go himmheánach agus le haghaidh 2025 bhí 23 chruinniú agus 7 seisiún faisnéise théamacha ann.

Cuirtear sainmhíniú leathan ar chruinnithe i bhfeidhm, lena mbeartaítear ‘aon teagmháil sceidealta le hionadaí leasa amháin nó níos mó, go pearsanta nó trí nasc cianda d’aon chineál, bíodh sé in áitreabh na Comhairle nó ná bíodh, agus lena n-áirítear le linn misean.

Ina theannta sin, cé nach gcumhdaítear teagmhálacha de chineál príobháideach nó sóisialta amháin ná cruinnithe neamhsceidealaithe nó gan choinne, tugtar treoir leis na rialacha don fhoireann staonadh ó phlé substainteach a dhéanamh maidir le ceapadh nó cur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó maidir le próisis chinnteoireachta na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle, in aon chruinniú nó aon teagmháil den sórt sin.

Ina theannta sin, roimh aon chruinniú le haon ionadaithe leasa, iarrtar ar fhoireann uile Ardrúnaíocht na Comhairle dintiúir na n-ionadaitheleasa a sheiceáil chun a áirithiú go mbeidh iontráil ghníomhach acu sa Chlár Trédhearcachta. Mura bhfuil, ba cheart do na baill foirne sin measúnú cúramach a dhéanamh ar a iomchuí atá na cruinnithe agus dul i gcomhairle lena mbainisteoir líne¹¹.

⁹ Airteagal 8 den Chód Iompair d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa.

¹⁰ Cinneadh ó Bhiúró Parlaimint na hEorpa an 5 Bealtaine 2025

¹¹ Nóta foirne 17/24 an 13 Nollaig 2024. Chomh maith leis sin, nóta foirne CP 42/22

Mar bheart breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus chun clárú a spreagadh, ba cheart cuirí d'ionadaithe leasa chun freastal ar chruinniú den Chomhairle nó ar chruinniú dá comhlachtaí ullmhúcháin a bheith coinníollach ar iad a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.

Ba cheart a n-uimhir chlárúcháin a thaifeadadh ar an gclár oibre sealadach. Sa tuarascáil bhliantúil ón gComhairle ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, áirítear faisnéis ábhartha faoi fhreastal ionadaithe leasa ar chruinnithe den Chomhairle nó ar chruinnithe dá comhlachtaí ullmhúcháin¹².

An Coimisiún Eorpach

Ba í 2025 an chéad bhliain iomlán de chur chun feidhme bhearta trédhearcachta neartaithe an Choimisiúin a bhaineann le cruinnithe a tionóladh idir cinnteoirí an Choimisiúin agus ionadaithe leasa.

Chuir an Coimisiún ceanglais an Chláir Trédhearcachta i bhfeidhm cheana féin ar Choimisinéirí, ar a gcomhaltaí comh-aireachta agus ar a nArd-Stiúrthóirí: ní cheadaítear iad sin ach amháin chun bualadh le hionadaithe leasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta agus ní mór dóibh sonraí poiblí a sholáthar maidir le gach cruinniú den sórt sin¹³.

Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, cuireann an Coimisiún de cheangal ar Choimisinéirí, ar a gcomhaltaí comh-aireachta agus ar an bhfoireann uile a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu sa Choimisiún agus ina ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear an (Leas-)Ard-Rúnaí, an (Leas-)Ard-Stiúrthóirí agus na Stiúrthóirí agus na Cinn Aonaid uile nó a gcoibhéis, gan bualadh ach le hionadaithe leasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta agus faisnéis agus miontuairiscí na gcruinnithe sin uile a fhoilsiú i gcomhréir le Cinntí (AE) 2024/3081¹⁴ agus (AE) 2024/3082¹⁵ ón gCoimisiún. D'fhoilsigh an Coimisiún faisnéis maidir le cruinnithe¹⁶ a tionóladh le 5 079 gcláraí in 2025. Thionóil na cláraithe sin 7 226 chruinniú le Choimisinéirí agus/nó comhaltaí dá gcaibinéid agus 7 057 gcruinniú le bainisteoirí an Choimisiúin¹⁷. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an líon céanna miontuairiscí de chruinnithe den sórt sin ar fáil go poiblí.

¹² Treoirlínte maidir le freastal ócáideach tríú páirtithe, lena n-áirítear ionadaithe leasa, ar chruinnithe den Chomhairle nó ar chruinnithe dá comhlachtaí ullmhúcháin, an 22 Iúil 2021.

¹³ Leagtar amach na hoibleagáidí sin do Choimisinéirí agus dá gcomh-aireachtaí in Airteagal 7 den Chinneadh ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2018 maidir le Cód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh (C(2018)700) (IO C 65, 21.2.2018, lch. 7). Tá feidhm ag na ceanglais maidir le foilsiú ó 2014 i leith.

¹⁴ Cinneadh (AE) 2024/3081 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 maidir le bearta trédhearcachta a bhaineann le cruinnithe arna dtionól idir Comhaltaí an Choimisiúin agus ionadaithe leasa, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/839/AE, Euratom, IO L, 2024/3081, 5.12.2024.

¹⁵ Cinneadh (AE) 2024/3082 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 maidir le bearta trédhearcachta a bhaineann le cruinnithe arna dtionól idir foireann an Choimisiúin a bhfuil feidhmeanna bainistíochta acu agus ionadaithe leasa, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/838/AE, Euratom, IO L, 2024/3082, 5.12.2024.

¹⁶ Is éard atá sna sonraí sin dáta an chruinnithe, an suíomh, ainm an Choimisinéara agus/nó na comh-aireachta ball foirne bainistíochta nó ball foirne bainistíochta de chuid an Choimisiúin, ainm an ionadaí leasa agus ábhar an chruinnithe. Foilsítear iad laistigh de 2 sheachtain ón gcruinniú a bheith ann.

¹⁷ Féadfaidh an t-aon chláraí páirt a ghlacadh i níos mó ná aon chruinniú amháin.

Sa bhreis ar í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin¹⁸, cuirtear an fhaisnéis faoi chruinnithe ar fáil freisin mar liosta cruinnithe ar na leathanaigh de na cláraithe lena mbaineann sa Chlár Trédhearcachta. Déanann an Coimisiún tacair sonraí chomhdhlúite cruinnithe arna dtionól le hionadaithe leasa cláraithe a chur ar fáil go poiblí ar an [tairseach sonraí Eorpach](#), i bhformáid atá inléite ag meaisín agus i bhformáid Excel. Fágann sé seo faisnéis inrochtana atá cuimsitheach agus atá furasta a phróiseáil a bheith á soláthar do pháirtithe leasmhara agus don phobal chun an fhaisnéis ábhartha a bhaint.

Ní cheapann an Coimisiún ach ionadaithe leasa cláraithe chuig grúpaí saineolaithe an Choimisiúin i gcomhréir lena rialacha inmheánacha¹⁹. Tá feidhm ag an gceanglas sin (réamhchlárú) maidir le comhaltaí de Chineál ‘B’²⁰ agus de chineál ‘C’²¹ araon. Má chuirtear na comhaltaí sin ar fionraí nó má bhaintear den Chlár Trédhearcachta iad, cuireann an Coimisiún ar fionraí iad ón ngrúpa saineolaithe / ó na sainghrúpaí a bhfuil siad ina gcomhaltaí de, go dtí go mbíonn siad cláraithe athuair.

Mar bheart breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus chun clárú a spreagadh, seolann an Coimisiún foláirimh uathoibríocha do chláraithe a bhfuil sonraí acu go bhfuil leas acu i réimsí beartais ar leith, agus tugann sé fógra dóibh faoi chomhairliúcháin phoiblí nó treochláir a bheith á seoladh sna réimsí sin. Déantar aighneachtaí ó chláraithe ar na cleachtaí comhairliúcháin seo a phróiseáil ar leithligh ó aighneachtaí na bhfreagróirí neamhchláraithe freisin²². Is féidir teacht ar na haighneachtaí sin ar leathanaigh na gcláraithe sa Chlár.

¹⁸ Go háirithe, an leathanach gréasáin trédhearcachta tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Chomhaltaí an Choimisiúin, agus an leathanach gréasáin trédhearcachta tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin.

¹⁹ Airteagal 8 de Chinneadh ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus feidhmiú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin (C(2016) 3301).

²⁰ Daoine aonair a cheaptar chun ionadaíocht a dhéanamh ar leas coiteann atá ag páirtithe leasmhara i réimse beartais ar leith.

²¹ Eagraíochtaí sa chiall is leithne, lena n-áirítear cuideachtaí, comhlachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumann, ollscoileanna, institiúidí taighde, gnólachtaí dlí agus comhairleachtaí.

²² Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil níos Fearr (SWD(2017)350), go háirithe Caibidil VII de na Treoirlínte maidir le Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara.

V. Gníomhaíochtaí na Rúnaíochta

Chinn an Bord Bainistíochta na tosaíochtaí bliantúla seo a leanas don Chlár Trédhearcachta le haghaidh 2025:

- gníomhaíochtaí faireacháin a chuíchóiriú chun ardchaighdeán cáilíochta sonraí clárúcháin a áirithiú, rud a d'fhágadh go bhféadfaí gach clárúchán a sheiceáil uair amháin gach 3 bliana tar éis an bhailíochtaithe tosaigh;
- feabhas a chur ar thaithí phoiblí an Chláir Trédhearcachta, trí fheabhas a chur ar an gcumarsáid maidir le coinníollacht agus bearta trédhearcachta, trí threoir a thugtar cothrom le dáta go rialta a chur ar fáil do chláraithe, agus trí fheabhas a chur ar leagan amach agus ar bhraistint phoiblí shuíomh gréasáin nua an Chláir Trédhearcachta;
- feabhas a chur ar an gcumarsáid maidir le láimhseáil gearán, trína chumhachtaí imscrúdaitheacha a chur in iúl go soiléir, d'fhonn comhar níos fóna a iarraidh ar chláraithe agus chun ligean don Chlár leanúint de bheith ag seasamh le grinnscrúdú poiblí;
- tacaíocht d'athbhreithniú 2025 ar an gComhaontú Idirinstitiúideach trí chleachtadh mapála a dhéanamh ina leagfar amach staid chur chun feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh go dtí seo agus ina léireofar éabhlóid an Chláir chomh maith leis an taithí a fuair an Rúnaíocht agus a cúraimí á gcomhlíonadh aici.


Chrom an Rúnaíocht ar na tosaíochtaí bliantúla sin a bhaint amach, lena n-áirítear trí ardú ar iarratais nua a láimhseáil, trí chúnamh tráthúil na deisce cabhrach a chinntiú agus trí fheabhas a chur, ar roinnt slite, ar an ardán TF, le cois a gníomhaíochtaí laethúla, a shonraítear thíos.

1. Faireachán ar cháilíocht sonraí

Cuireann an Clár Trédhearcachta eolas ar fáil maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta reatha a dhéanann ionadaithe leasa i ndáil le beartais agus próisis chinnteoireachta an Aontais a cheapadh nó a chur chun feidhme. Áirítear leis sin sonraí faoi na príomhthograí reachtacha nó na príomhbheartais reachtacha ar díriodh orthu. Dá réir sin, tá na sonraí dinimiciúil: cláraíonn roinnt ionadaithe leasa ar feadh tréimhse theoranta, agus tá ionadaithe eile fós liostaithe san fhadtearma.

Trí chlárú, geallann ionadaithe leasa go soláthróidh siad faisnéis atá iomlán, cothrom le dáta, cruinn agus nach bhfuil míthreorach. Leanann siad de bheith lánfhreagrach as cruinneas a gcuid sonraí. Ceanglaítear ar chláraithe a bhfaisnéis a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta aon uair a tharlaíonn athruithe suntasacha agus, ar a laghad, a gclárú a athnuachan go bliantúil chun a bheith liostaithe fós. Faigheann siad meabhrúcháin freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid sonraí dhá uair sa bhliain ar a laghad.


Is príomhchúram de chuid na Rúnaíochta é cáilíocht fhoriomlán na sonraí a áirithiú. Chuige sin, meabhraíonn sé do chláraithe a n-oibleagáidí agus déanann sé faireachán ar chomhlíonadh cheanglais an Chláir.



Téacs san íomhá: Líon iomlán na seiceálacha

In 2025, mar chuid dá gníomhaíochtaí faireacháin ginearálta, sheiceáil an Rúnaíocht 9 476 eintiteas san iomlán a rinne iarratas ar chlárú (lena n-áirítear iarrataí ar athghníomhachtú) nó a cuireadh isteach sa Chlár cheana féin (lena n-áirítear seiceálacha a bhaineann le gearáin). Is méadú suntasach 18.7 % é sin ar líon na seiceálacha a rinneadh an bhliain roimhe sin, rud is féidir a chur i leith méadú suntasach ar iarratais.

Is éard a bhí sna seiceálacha sin scagadh a rinneadh ag céim an iarratais, seiceálacha spriocdhírthe ar na sonraí a chuir eintitis a bhí cláraithe cheana ar fáil agus aon seiceálacha breise a rinneadh mar chuid de nósanna imeachta imscrúdaithe.




Téacs san íomhá: Cineálacha seiceálacha – a) seiceálacha athghníomhachtaithe b) seiceálacha incháilitheachta c) seiceálacha spriocdhírthe: d) seiceálacha gearán

Céim an Iarratais

Déanann an Rúnaíocht measúnú córasach ar incháilitheacht agus ar cháilíocht sonraí gach iarratais nua ar chlárú sula ndéantar iad a ghníomhachtú agus a fhoilsiú ar an gClár, rud a áiríthíonn ábharthacht, iontaofacht agus comhsheasmhacht níos fearr maidir leis an bhfaisnéis a nochtar. In 2025, tugadh isteach bearta trédhearcachta feabhsaithe i gcomhthráth le borradh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar thuairisciú ionadaíochta leasa. Fuair an Rúnaíocht 6 899 n-iarratas ar chlárú san iomlán — beagnach 18 n-iarratas in aghaidh an lae — rud a léiríonn méadú 95 % i gcomparáid le 2024 agus méadú suntasach le blianta roimhe sin. Léiríonn an fás eisceachtúil sin athrú mór ar rannpháirtíocht leis an gClár.²³

As na hiarratais sin, glacadh le 5 107 (74 %) agus cuireadh i ngníomh iad tar éis an phróisis fíorúcháin tosaigh, rud a chuir de cheangal ar iarratasóirí i bhformhór na gcásanna a n-aighneachtaí a thabhairt cothrom le dáta nó a cheartú. Ní hamháin gur leathnaigh an líon ard clárúcháin nua sin, mar aon le grinnscrúdú neartaithe, an Clár go suntasach ach chuir sé freisin le cáilíocht fhoriomlán na faisnéise atá ann.




Téacs san íomhá: Iarratais – a) iarratais ar glacadh leo b) iarratais ar diúltaíodh dóibh c) atá ar feitheamh d) a cuireadh ar ceal

Seiceálacha spriocdhírthe

Chomh maith leis an athbhreithniú leanúnach ar iarratais nua, déanann an Rúnaíocht seiceálacha spriocdhírthe ar chlárúcháin atá ann cheana, ag díriú go háirithe ar chásanna ina bhfuil tásca ann go bhféadfadh sé nár tuairiscíodh an fhaisnéis is gá go cruinn. In 2025, rinne an Rúnaíocht 2 567 seiceáil cáilíochta spriocdhírthe san iomlán. Cé gur laghdú é sin i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, ba cheart é a fheiceáil i gcomhthéacs an mhéadaithe mhóir ar iarratais nua a bhfuil grinnscrúdú á dhéanamh orthu chomh maith leis an bhfeabhas foriomlán ar cháilíocht na faisnéise a sholáthraítear tar éis na seiceálacha a rinneadh cheana

²³ 13 118 an 31 Nollaig 2024 agus 16 474 an 31 Nollaig 2025.

ag céim an iarratais. I dteannta a chéile, léiríonn na forbairtí sin córas clárúcháin níos éifeachtúla agus níos feidhmiúla.




Téacs san íomhá: Líon na seiceálacha cáilíochta spriocdhírthe:

Díobh sin:

- rinne 1 937 gcinn (75 %) de chuid cláraithe a seiceáladh cáilíocht sonraí shásúil a sholáthar, ón tús (901 chlárúchán, nó 35 % acu), nó tar éis don Rúnaíocht iad a spreagadh le nuashonrú a dhéanamh (1 036 chlárúchán nó 40 %);
- baineadh 223 cinn den Chlár tar éis na seiceála a rinne an Rúnaíocht, bíodh sé mar gheall ar neamh-incháilitheacht nó mar gheall ar mhainneachtain nuashonrú a dhéanamh (9 %);
- bhí 407 gcás fós ar feitheamh ag deireadh 2025 (16 %).

Ina theannta sin, baineadh 119 gclárúchán den Chlár go huathoibríoch, agus baineadh 1 411 cheann díobh go huathoibríoch tar éis faillí a dhéanamh a gclárú a nuashonrú uair amháin gach 12 mhí ar a laghad.



Téacs san íomhá: Seiceálacha spriocdhírthe – a) bainte b) ceart i ndiaidh uasdátú c) atá ar feitheamh d) ceart ón tús

Mar chuid dá tosaíocht in 2025 faireachán a chuíchóiriú agus ardchaighdeán cáilíochta sonraí a choinneáil ar bun, dhírigh an Rúnaíocht ar chlárúcháin nach ndearnadh athbhreithniú orthu le 3 bliana (ó mhí na Bealtaine 2022). Mar thoradh ar na seiceálacha sin, rinneadh ceartúcháin ar shonraí atá as dáta nó ar fhaisnéis neamhréireach, lena n-áirítear dearbhuithe níos cruinne agus níos comhsheasmhaí ó chliaint agus ó idirghabhálaithe. Deimhníodh le torthaí an chleachtaidh faireacháin sin gur gá faireachán córasach agus rialta a dhéanamh ar gach eintiteas sa Chlár chun athbhreithniú tréimhsiúil agus cuimsitheach ar a inneachar a áirithiú, gan neamhaird a thabhairt ar aon eintiteas cláraithe.

Rinne an Rúnaíocht seiceálacha spriocdhírthe freisin ar chlárúcháin a léirigh neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith i sonraí airgeadais. Go háirithe, scrúdaigh sé cásanna ina raibh costais bhliantúla mheasta neamhghnácha arda nó ísle a bhaineann le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gClár Trédharcachta, nó dhearbhaigh sé buiséid iomlána. Ina theannta sin, rinneadh seiceálacha i gcás ina raibh neamhréireachtaí idir líon na ndaoine aonair a tuairiscíodh go raibh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa á ndéanamh acu agus líon na n-údaruithe rochtana arna n-eisiúint ag Parlaimint na hEorpa do na cláraithe sin. Chuidigh na hiarrachtaí sin le dlús a chur le hailíniú sonraí clárúcháin, tar éis seiceáil comhsheasmhachta uathoibrithe ar iarrataí creidiúnaithe a thabhairt isteach i bhfómhar 2025.

In 2025, chomhlíon 75 % de na clárúcháin caighdeán shásúla maidir le cáilíocht sonraí ón tús nó mar thoradh ar sheiceáil spriocdhírthe na Rúnaíochta, i gcomparáid le 83 % in 2024. Cé gur laghdú measartha é sin, tá an toradh fós i gcomhréir tríd is tríd le blianta beaga anuas agus d'fhéadfadh sé na bearta faireacháin níos déine a tugadh isteach chun cáilíocht sonraí a fheabhsú a thuilleadh a léiriú. An tráth céanna, tháinig laghdú beag ar chion na n-aistrithe ón gClár mar gheall ar neamh-incháilitheacht nó mainneachtain nuashonrú a dhéanamh, ó 10 % go 9 %, rud a léiríonn feabhas beag ar chomhlíonadh.

Ar an iomlán, leanadh den treocht aníos maidir le cáilíocht sonraí in 2025, le tacaíocht ón líon ard clárúcháin comhlíontach nua tar éis seiceálacha incháilitheachta agus ó fhaireachán spriocdhírthe na Rúnaíochta ar chodanna sonracha den Chlár.

2. Seirbhís Deisce Cabhrach

Cuireann an Rúnaíocht seirbhís deisce cabhrach ar fáil trí shuíomh gréasáin ilteangach, atá ar fáil d'iarratasóirí, do chláraithe agus don phobal chun freagra a thabhairt ar gach cineál ceiste a bhaineann leis an gClár Trédhearcachta. Is é is aidhm dó cúnamh a chur ar fáil, a luaithe is féidir, agus freagra ginearálta a thabhairt laistigh de 48 n-uair an chloig.

In 2025, láimhseáil an Rúnaíocht 2 048 ngearán. Áiríodh leo sin iarrataí ó pháirtithe leasmhara, ó thaighdeoirí agus ó dhaoine aonair ar fhaisnéis faoin gClár Trédhearcachta, mar aon le hiarrataí ó iarratasóirí agus ó chláraithe, le linn an phróisis cláraithe nó nuair a bhí deacrachtaí teicniúla acu, ar thacaíocht theicniúil agus ar threoir. As na ceisteanna sin, bhain 478 n-iarratas ar chlárú nua a chur isteach, bhain 1 231 iarratas le clárúcháin a bhí ann cheana, agus níor sonraíodh an t-ábhar beacht i 339 n-iarratas nuair a cuireadh isteach iad.

Tháinig méadú arís ar líon iomlán na bhfiosrúcháin a fuarthas in 2025, i gcomparáid le 2024²⁴, ag ardú faoi thart ar 11 %. rud a d'fhéadfadh an méadú ar ghníomhaíochtaí monatóireachta na Rúnaíochta a léiriú freisin.

3. Imscrúduithe

Tá an Rúnaíocht freagrach as faireachán a dhéanamh ar incháilitheacht leanúnach na gcláraithe agus ar chomhlíonadh chód iompair an Chláir Trédhearcachta agus láimhseálann sí gearáin agus déanann sí imscrúduithe féintionscnaimh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Agus an méid sin á dhéanamh aige, leanann sé prionsabail na comhréireachta agus an dea-riaracháin.

Tagraíonn 'Gearán' do nós imeachta a bhaineann le líomhaintí nár chomhlíon cláraí an Cód Iompair. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach gearán den sórt sin a dhéanamh tríd an [bhfoirm ghearáin atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta](#) a chomhlánú agus trí fhianaise thacaíochta a sholáthar.

Is éard is 'imscrúdú Féintionscnaimh' ann nós imeachta ina scrúdaíonn an Rúnaíocht an bhfuil cláraí incháilithe chun fanacht ar an gClár. D'fhéadfadh sé sin a bheith bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear nó a shainaithnítear, mar shampla i gcásanna nach ann do ghníomhaíochtaí ábhartha nó nach gcomhlíontar an Cód Iompair.

In 2025, láimhseáil an Rúnaíocht 10 ngearán a tugadh anonn ón mbliain roimhe sin, ar measadh ceann amháin acu a bheith neamh-inghlactha. Bhain na naoi ngearán inghlactha eile ón mbliain roimhe sin le saincheisteanna amhail dearbhuithe cruinne agus iomlána maidir le ballraíochtaí agus cleamhnachtaí, costais ghaolmhara, idirghabhálaithe agus gníomhaíochtaí cumarsáide. As na naoi gcláraí lena mbaineann na himscrúduithe sin, chuir seachtar faisnéis

²⁴ In 2024, d'fhreagair an Rúnaíocht 1835.

shásúil ar fáil agus nuashonraigh siad a gclárúchán i gcomhréir le moltaí na Rúnaíochta. Baineadh beirt chláraithe den Chlár mar thoradh ar na himscrúduithe sin, lena n-áirítear cás amháin a bhain le bearta breise (toirmeasc ar chlárú ar feadh tréimhse 3 mhí).

Le linn 2025, fuair an Rúnaíocht 18 ngearán nua. Fuarthas go raibh ocht gcinn díobh neamh-inghlactha, toisc nach raibh siad faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta (casaoidí pearsanta nó gearáin ó thomhaltóirí, mar shampla) nó toisc nár chomhlíon siad na critéir inghlacthachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

As na deich ngearán inghlactha, dúnadh cúig cinn in 2025, le comhar iomlán na gcláraithe lena mbaineann. Bhí na cúig cinn eile fós faoi imscrúdú ag deireadh na bliana, lena n-áirítear trí chás nár cinneadh fós inghlacthacht ina leith.

Agus imscrúduithe á ndéanamh aici, féachann an Rúnaíocht le hidirphlé cuiditheach a choinneáil ar bun leis an gcláraí nó leis na cláraithe lena mbaineann, agus é mar aidhm aici saincheistean a shoiléiriú agus a réiteach nuair is féidir sula ndéanfar aon bhearta is gá. Le tiomantas na Rúnaíochta d'idirphlé cuiditheach fianaisebhunaithe den sórt sin le cláraithe, agus i gcás inarb iomchuí le gearánaigh, is minic a éilítear iarrataí atriallacha ar shoiléiriú agus ar fhaisnéis fhorlíontach, rud a bhféadfadh tréimhsí imscrúdúcháin níos faide a bheith mar thoradh air.

In 2025, chuir an Rúnaíocht tús freisin le dhá imscrúdú féintionscnaimh maidir le beirt chláraithe faoi neamhchomhlíonadh féideartha an chóid iompair ó thaobh damáiste do chlú, sainaithint chuí orthu féin, na leasanna a chuirtear chun cinn agus a n-iompar ina gcaidreamh le cinnteoirí chomh maith le cáilíocht sonraí. Bhí na himscrúduithe sin fós ar siúl ag deireadh na bliana.

4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2025

D'ullmhaigh an Rúnaíocht an cúigiú cruinniú den Bhord Bainistíochta, a tionóladh an 21 Bealtaine 2025. Ag an gcruinniú sin, rinne an Bord Bainistíochta na cinntí seo a leanas:

- Ceann an aonaid atá freagrach as saincheistean trédhearcachta i bParlaimint na hEorpa a cheapadh mar 'Chomhordaitheoir na Rúnaíochta' go ceann bliana (an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026);
- An tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2024 a ghlacadh, chomhaontaigh sé í a chur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí agus í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta;
- Chinn sé tosaíochtaí bliantúla an Chláir in 2026, mar aon leis na meastacháin bhuiséid agus an sciar den bhuiséad le haghaidh gach institiúide is sínitheoir²⁵;
- Thug siad dá n-aire agus d'fhormhuinigh siad an tuarascáil mhapála a d'ullmhaigh an Rúnaíocht ina leagtar amach staid chur chun feidhme an Chomhaontaithe

²⁵ I gcás na bliana 2026, tá na meastacháin bhuiséid le fáil ar an suíomh gréasáin. Comhaontaíodh na scaireanna seo a leanas: An Pharlaimint: 33 %; An Chomhairle: 10 %; An Coimisiún: 57 %.

Idirinstiúidigh go dtí seo, roimh an athbhreithniú a dhéanfaidh na hinstiúidí is sínitheoirí faoin 2 Iúil 2025 faoi Airteagal 14(2).

Chuir an Bord Bainistíochta i dtábhacht go bhfuil iontaofacht ábhar an Chláir fíor-riachtanach, i bhfianaise ardleibhéal leanúnach an ghrinnscrúdaithe phoiblí ar an mbunachar sonraí agus ar chur chun feidhme na mbeart gaolmhar laistigh de na hinstiúidí araon, chomh maith leis na hionchais láidre phoiblí a chuirtear ar an Rúnaíocht maidir le faireachán agus imscrúduithe éifeachtacha.

Déantar na doiciméid uile a bhaineann le cruinniú an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear clár oibre agus miontuairiscí an chruinnithe, a fhoilsiú ar [fholeathanach rialachais shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta](#).

5. Treoir agus múscailt feasachta

Eisíonn an Rúnaíocht treoir chun ceanglais áirithe den Chomhaontú Idirinstiúideach a shoiléiriú agus a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe. D'fhéadfadh sé gurb é toradh í an treoraíocht sin ar mhalartuithe rialta le páirtithe leasmhara agus is é is aidhm di cabhrú le hiarratasóirí agus le cláraithe faisnéis chruinn a sholáthar agus botúin choitianta a sheachaint.

Sa chomhthéacs sin, nuashonraigh an Rúnaíocht in 2025 a [treoirlínte d'iarratasóirí agus do chláraithe agus a Ceisteanna Coitianta](#) chomh maith leis an bhfoirm chlárúcháin le soiléiriú faoi roinnt ceanglas maidir le faisnéis airgeadais d'idirghabhálaithe agus dá gclaint. Agus a gníomhaíochtaí faireacháin á ndéanamh aici, féadfaidh an Rúnaíocht cuireadh a thabhairt d'eintitis clárú sa Chlár Trédhearcachta, i gcás inarb iomchuí. In 2025, bhí feidhm aige sin, go háirithe, maidir le claint incháilithe nach raibh cláraithe go fóill.

Déanann an Rúnaíocht gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta rialta chun an uirlis a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara. In 2025, áiríodh air sin seisiún faisnéise agus malartuithe a reáchtáladh le páirtithe leasmhara éagsúla²⁶ agus le taighdeoirí/mic léinn ollscoile²⁷ chomh maith le teagmhálacha agus malartú dea-chleachtas le comhlachtaí comhchosúla ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach²⁸.

Cuireann na trí instiúid gníomhaíochtaí suntasacha múscailte feasachta ar fáil maidir leis an gClár Trédhearcachta laistigh de gach instiúid, trí sheisiún thiomnaithe faisnéise agus oiliúna do na Feisirí agus don fhoireann²⁹. In 2025, tionóladh seisiún bhreise múscailte feasachta chun cabhrú le cur chun feidhme rialacha nua atá nasctha le coinníollacht agus bearta trédhearcachta sa Pharlaimint agus sa Choimisiún araon.

6. Forbairtí teicniúla

²⁶ MedTech Europe, Comhlachas na gComhairleachtaí Gnóthaí Poiblí Eorpacha (EPACA), Acadamh Dlí na hEorpa (ERA), an Chomhairle na nGnóthaí Poiblí (PAC).

²⁷ An Instiúid Eorpach um Ghnóthaí Poiblí agus um Abhcóideacht (EPAAI).

²⁸ ECFE, Líonra an Chláraitheora Brústocaireachta Eorpaigh (ELRN), Bord Comhairleach do Chlár Trédhearcachta na Fionlainne, Aireacht Gnóthaí Baile na Gearmáine, Eurostat.

²⁹ Áirítear leis sin 46 sheisiún oiliúna agus faisnéise d'fhoireann na hArdrúnaíochta, seisiún amháin d'Uachtaránacht na Cipire atá ag teacht isteach. 15 cuir i láthair agus seisiún faisnéise do Choimisinéirí, Comh-Aireachtaí agus seirbhísí sonracha agus 5 oiliúint rialta do bhaill foirne sa Choimisiún.


Comhordaíonn an Rúnaíocht forbairt réiteach TF chun feabhas a chur ar an gClár Trédhearcachta. In 2025, bhí sé d’aidhm ag an Rúnaíocht tuilleadh feabhais a chur ar an ardán digiteach a seoladh in 2024, tríd an ngné a thabhairt isteach lenar féidir clárúcháin a baineadh a athghníomhachtú gan an uimhir chlárúcháin (an uimhir chéanna) a chailleadh agus lenar féidir an fhaisnéis stairiúil uile a áirítear ann a choinneáil. Áiríodh san fhorbairt freisin an fhéidearthacht do chlárúithe ord na gcliant, na n-idirghabhálaithe agus na rannchuiditheoirí a atheagrú ina ndearbhuithe airgeadais, chomh maith le nasc a chruthú idir an fhaisnéis maidir le cliaint agus idirghabhálaithe i gclárúcháin.

VI. Staitisticí

1. Forbairt an Chláir Trédhearcachta


Ón uair a bunaíodh é mar bhunachar sonraí poiblí comhpháirteach de chuid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, tá méadú seasta tagtha ar an gClár Trédhearcachta i dtreo is gurb é atá ann anois ná scéim thrípháirteach arna bunú leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

In 2025 tháinig méadú suntasach ar líon iomlán na gclárúithe, i gcomparáid le 2024. Bhí 16 474 n-ionadaí leasa clárúithe ann ag deireadh 2025.



Téacs san íomhá: líon iomlán na gclárúithe


Léirítear sa chairt thíos na hathruithe ar líon na gclárúcháin nua, lena gcumhdaítear na hionadaithe leasa arna gclárú le linn tréimhse 12 mhí (an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025) agus fós gníomhach ag deireadh na tréimhse sin. Tá méadú faoi dhó nach mór tagtha ar líon na gclárúcháin nua in 2025 (16 474) i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Fuair an Rúnaíocht 6 899 n-iarratas (beagnach 18 n-iarratas in aghaidh an lae), rud a fhágann gur ghlac an Rúnaíocht le 74 % díobh sin, agus gur ghníomhachtaigh sí iad sin, tar éis scagadh na Rúnaíochta.



Téacs san íomhá: Líon na gclárúcháin nua

2. Na leasanna a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh orthu

Faoi gComhaontú Idirinstitiúideach, déantar na cláraithe a leagan amach ina dtrí phríomhchineál leasa ar a ndéantar ionadaíocht, agus tá bandaí faisnéise airgeadais comhfhreagracha éagsúla ann atá infheidhme maidir le gach catagóir.




Téacs san íomhá: Leasanna ionadaithe – a) idirghabhálaithe b) nach mbaineann le leasanna tráchtála c) cláraithe féinionadaithe

Roghnaigh na cláraithe na ranna seo a leanas, ag cur síos ar fhoirm an ionadaí leasa:

Comhairleachtaí gairmiúla	714
Gnólachtaí dlí	111
Daoine féinfhostaithe	193
Grúpaí & cuideachtaí	4922
Comhlachais thrádála agus ghnó	2911
Ceardchumann agus comhlachais ghairmiúla	1100
Eagraíochtaí, ardáin agus líonraí neamhrialtasacha agus a leithéidí	4444
Meithleacha smaointe agus institiúidí taighde	682
Institiúidí acadúla	427
Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar eaglaisí agus ar phobail reiligiúnacha	66
Comhlachais agus líonraí de na húdaráis phoiblí	214
Eintitis, oifigí nó líonraí arna mbunú ag tríú tíortha	3
Eagraíochtaí eile, eintitis phoiblí nó eintitis mheasctha	687

3. Sonraí geografacha

Níl an Clár Trédhearcachta teoranta d'ionadaithe leasa atá bunaithe san Aontas, cé go n-oibríonn an grúpa is mó ó bhunaíochtaí atá bunaithe sa Bheilg. Ós rud é, áfach, go ndéanann raon feidhme reachtaíocht agus bheartas an Aontais difear freisin do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí lasmuigh den Aontas, rud a mbíonn tionchar aige ar thrádáil agus ar chaidreamh seachtrach eile lasmuigh de na 27 mBallstát, léirítear an tionchar domhanda sin sa Chlár Trédhearcachta freisin.



Téacs san íomhá: An Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Spáinn, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an Ostair, an Fhionlainn, an Pholainn, an tSualainn, an Eilvéis.

4. An méid uaireanta a rinneadh sonraí an Chláir Trédhearcachta a scrúdú

In 2025, ba é tacar sonraí comhdhlúite an Chláir ar an [tairseach sonraí Eorpach](#) an seachtú tacar sonraí ba mhó ar breathnaíodh air i measc breis agus 1 900 000 tacar sonraí a foilsíodh ansin. Cuireann na tacair sonraí sin ar chumas úsáideoirí liosta na n-eintiteas atá ar an gClár Trédhearcachta a íoslódáil (i bhformáid xml nó Excel), agus sonraí ag dul siar roinnt blianta.

VII. Conclúidí

In 2025, lean an Clár Trédhearcachta de bheith ina phríomhuirlis tagartha chun gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a rianú ar leibhéal an Aontais. Tháinig méadú mór ar líon iomlán na gcláraithe i gcomparáid le 2024 agus leis na blianta roimhe sin. Tháinig méadú suntasach ar chlárúcháin nua, agus tháinig méadú 95 % ar iarratais i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; Measadh go raibh 74 % díobh sin incháilithe agus glacadh leo tar éis don Rúnaíocht scagadh a dhéanamh orthu.

Anuas ar na gnáthathruithe bliain ar bhliain ar dhaonra an Chláir, is féidir an t-ardú gear sin ar iarratais a chur i leith, i bpáirt, bearta coinníollachta nua arna dtabhairt isteach ag na hInstitiúidí is sínitheoirí, chomh maith le cur chun feidhme dian na rialacha atá ann cheana lena gceanglaítear clárú roimh ré ionadaithe leasa a théann i dteagmháil go díreach le cinnitheoirí.

Lean an Rúnaíocht d'fheabhas a chur ar ghnéithe shuíomh gréasáin agus bhunachar sonraí an Chláir Trédhearcachta, tar éis rolladh amach an ardáin dhigitigh nua sa bhliain roimhe sin. Chuir sé treoraíocht nuashonraithe ar fáil freisin do chláraithe, tacaíocht deisce cabhrach, agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta.

Maidir lena príomhchúraimí — is é sin faireachán agus imscrúduithe cáilíochta — rinne an Rúnaíocht athbhreithniú ar cháilíocht sonraí beagnach 60 % de na cláraithe uile in 2025. Ar an iomlán, leis na sonraí sa Chlár Trédhearcachta, léirítear comharthaí soiléire cobhsaíochta agus feabhais, rud a léiríonn an tionchar a bhíonn ag iarrachtaí treisithe faireacháin agus fíoraithe. Tá sé cruthaithe go bhfuil cleachtaí faireacháin spriocdhírthe, go háirithe iad siúd a dhíríonn ar eintitis nach raibh faoi réir seiceálacha le tamall anuas, éifeachtach maidir le hardchaighdeán cáilíochta sonraí a choinneáil agus feasacht a mhúscailt i measc cláraithe maidir lena n-oibleagáidí. Trí dhearbhuithé cliant agus a n-idirghabhálaithe a idirnascadh, cuidíodh go mór le comhsheasmhacht agus comhlíonadh. I gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar síos do 2025, deimhníodh leis na hiarrachtaí sin freisin an gá atá le faireachán córasach rialta a dhéanamh ar na heintitis uile chun Clár cuimsitheach cothrom le dáta a áirithiú.

Chun tacú le próiseas athbhreithnithe an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh ag na hInstitiúidí in 2025, d'fhormhuinigh an Bord Bainistíochta mapáil ar chur chun feidhme an chomhaontaithe a d'ullmhaigh an Rúnaíocht. Sainaithníodh sa mhapáil sin príomhdhúshláin agus gníomhaíochtaí atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cumais theicniúla an Chláir a neartú chun comhlíonadh na gcláraithe a fheabhsú, iarrachtaí faireacháin na Rúnaíochta a bharrfheabhsú, a chleachtais a chomhdhlúthú agus úsáid an Chláir a chur chun cinn go réamhghníomhach i measc institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Is é is aidhm do na hiarrachtaí sin tiomantas comhroinnte institiúidí an Aontais a léiriú a thuilleadh maidir le hionadaíocht leasa thrédhearcach eiticiúil a chur chun cinn.

Mar uirlis phoiblí, agus i gcomhthéacs grinnscrúdú poiblí leanúnach, tá ról lárnach ag an gClár Trédhearcachta maidir le muinín an phobail a choinneáil agus cuntasacht a neartú laistigh de chreat trédhearcachta níos leithne institiúidí an Aontais.